

CLUB LURGAN

Is é Club Lurgan an club don óige, idir chailíní agus bhuachaillí, sa bparáiste. Tá an t-ádh orainn sa mhéid go gcuireann an Comharchumann Coláiste Lurgan ar fáil agus, dá bhrí sin, tá áit againn le teacht le chéile atá ar a laghad chomh maith le club óige ar bith eile sa nGaeltacht.

Structúr an Chlub

Tá an club ar oscailt do dhaoine óga atá idir trí bliana déag agus ocht mbliana déag d'aois ach níl aon rial dhaingean againn faoi na haoiseanna sin agus cuireann muid fáilte roimh dhaoine níos óige ná sin nuair a bhíonn imeachtaí ar siúl againn a bheadh feiliúnach agus suimiúil dóibh. Chomh maith leis sin, cuireann muid fáilte roimh dhaoine níos sine, ach iad a bheith sásta glacadh lenár bpolasaithe.

Cuireann muid fáilte ar leith roimh thuismitheoirí na mball agus mhaith linn a chur in iúl dóibh go mbeadh áthas orainn iad a fheiceáil am ar bith le linn ár gcuid imeachtaí.

Leis an bhfírinne a rá, ba mhaith linn a iarraidh ar thuismitheoirí bualadh isteach chugainn anois agus arís.

Tá coiste i mbun an Chlub agus is iad na baill iad féin a thoghann an Coiste. Roghnaíonn baill an Choiste na hoifigigh astu féin tar éis dóibh a bheith tofa. I mbliana is iad **Seán Ó Cualáin**, Teach Mór Thiar; **Seosamh Ó Cualáin**, Teach Mór Thoir; **Máirín Nic an Iomaire**, Cor na Rón, agus **Máire Ní Cheannabháin** na hoifigigh. Tá roinnt daoine fásta ar an gCoiste freisin: **Mícheál Ó Ceannabháin**, **Colm Ó Finneadha**, **Ruairí Ó Tuairisc**, agus **Brian Ó Baoill**.

Polasaí agus Gníomhaíochtaí

Tá an Club ag iarraidh cúnamh a thabhairt do dhaoine óga a gcuid ama saor a chaitheamh go tairbheach agus go taitneamhach. I gcás ár gClub féin tá trí príomh-ghnéithe ann:

Spórt .i. Leadóg Bhoird agus Púl faoi **Sheosamh Ó Cualáin** agus **Mícheál Mac Diarmada** agus Dornálaíocht faoi **Cholm Ó Finneadha**.

Cultúr .i. Drámaíocht faoi **Sheán Breathnach** agus Damhsa faoi **Mháirín Ní Cheannabháin** agus **Mícheál Ó Ceannabháin**.

Forbairt .i. déantar iarracht na baill a fhorbairt trí dhualgais a chur orthu agus trí ligean dóibh a bheith páirteach i riaradh an Chlub.

D'fháilteodh muid roimh aon duine a bheadh sásta

teacht agus cúramh a ghlacadh i gcás roinnt imeachtaí eile. Tá géarghá le daoine a bheadh sásta péintéireacht, ceol, agus aclaíocht a mhúineadh do chailíní. Ó tharla go bhfuil sé mar pholasaí ag an gClub chuile shórt a reachtáil trí Ghaeilge amháin, theastódh go mbeadh Gaeilge mhaith ag aon duine a bheadh sásta cúnamh a thabhairt dúinn.

Má tá scil agat agus má tá tú sásta uair a chloig a thabhairt d'óige an pharáiste, uair amháin in aghaidh na seachtaine, an mbuailfidh tú isteach chugainn Aoine ar bith idir 8.00 i.n. agus 10.00 i.n.?

Chomh maith le bheith ag gníomhú inár bparáiste féin, tá sé mar pholasaí againn a bheith páirteach i ngluaiseacht ghinearálta na n-óg agus chuige sin tá muid inár mbaill de Chomhchoiste Chonamara de na hÓg-Chlubanna agus, tríd sin, inár bhaill de Chónascadh Náisiúnta na nÓg-Chumann. Cuireann sé seo muid i dteagmháil le daoine óga eile ar fud na tíre.

Ba mhaith le Coiste Chlub Lurgan níos mó teagmhála a dhéanamh le clubanna do dhaoine óga i gceantair eile sa nGaeltacht agus tá iarrtha againn ar Raidió na Gaeltachta tús a chur leis sin trí Chomórtas Tráth na gCeist a reachtáil don Ghaeltacht uilig. Chomh maith leis sin, tá iarrtha againn ar Chónascadh Náisiúnta na nÓg-Chumann fo-choiste Gaeltachta a bhunú agus tá iarrtha againn ar **Shéamas Ó Tonnaí**, T.D. oifigigh fhorbartha a cheapadh chun cúnamh a thabhairt do na hÓg-Chumainn sa nGaeltacht.


Bliain ghnóthach

Tá ár gClub féin ag dul ar aghaidh go maith. Tá os cionn seachtó ball againn. Tá ár gcuid dornálaithe ag cruthú ar fud na Gaillimhe go bhfuil sé an-deacair fear as Cois Fharraige a bhualadh agus má bhualann tú é go dtiocfaidh sé arais arís. Bhí na buachaillí agus na cailíní páirteach i Scór agus sna comórtais a reachtálann Comhchoiste Chonamara agus, tríd is tríd, is féidir linn a rá go raibh bliain mhaith ghnóthach againn agus go bhfuil muid ag súil le bliain níos fearr fós an bhliain seo chugainn.

Fuair muid an-tacaíocht ón gComharchumann, ó na múinteoirí sa Scoil Náisiúnta, agus sa nGairmscoil, ón Sagart Paráiste, an tAthair Mac Aodha, agus ó Ghaeltarra Éireann. Tá muid an-bhuíoch díobh go léir.

GAELTARRA ÉIREANN **ap**

Ag obair ar son na Gaeltachta



Tá Gaeltarra Éireann ag cur gan stad le forbairt na gCeantar Gaeltachta.

Tá tionscail ón tír seo agus ón gcoigríoch á n-aimsiú agus á gcothú againn, agus postanna agus caighdeán beatha níos fearr dá réir sin á sholáthar don phobal áitiúil.

Módhanna agus scéimeanna spreagúla na linne seo atá in úsáid againn. Tá ag éirí leo, agus má léann tú na tuartha aithneoidh tú go bhfuil an dul chun cinn ag cur go hollásach le saol traidisiúnta na Gaeltachta.

Is maith an comhartha do na todhchaí an dul chun cinn atá déanta.

Gaeltarra Éireann, Na Forbacha, Gaillimh

Teil: (091) 21011; Telex: 8359.